Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Aibreán 2023
(OR. en)

8219/23

FIN 415

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Johannes HAHN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 13 Aibreán 2023 |
| chuig: | Johanna LYBECK LILJA, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2023 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad DEC 07/2023.

Faoi iamh: DEC 07/2023

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 13/04/2023

AN BUISÉAD GINEARÁLTA – 2023
ROINN III – TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 01, 13

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 07/2023**

## ÓN MÉID SEO A LEANAS

**CAIBIDIL -** 0102 Fís Eorpach

| | | |
|---|---|---|
| ÍTIM - 01 02 99 01 Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích | Íocaíochtaí | -52 228 847,20 |

**CAIBIDIL -** 0103 Clár Taighde agus Oiliúna Euratom

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 01 03 01 Taighde agus forbairt ar chomhleá | Íocaíochtaí | -14 772 513,80 |
| ÍTIM - 01 03 99 01 Cláir thaighde Euratom roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích | Íocaíochtaí | -40 998 639,00 |

## FEIDHM NA LEITHREASUITHE

**CAIBIDIL -** 1304 Soghluaisteacht mhíleata

| | | |
|---|---|---|
| AIRTEAGAL - 13 04 01 Soghluaisteacht mhíleata | Íocaíochtaí | 108 000 000,00 |

Beartaítear leis an aistriú seo an tsraith ‘Soghluaisteacht Mhíleata’ den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) a threisiú le EUR 108 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Tar éis thús chogadh ionsaithe na Rúise san Úcráin, chuir an Coimisiún dlús le cur chun feidhme Shoghluaisteacht Mhíleata SCE, rud as a n-eascraíonn riachtanais mhéadaithe maidir le réamh-mhaoiniú in 2023.

Is féidir na riachtanais íocaíochta bhreise le haghaidh na Soghluaisteachta Míleata a chomhlíonadh trí aistriú ó Euratom agus ó Fhís Eorpach.

Is é is cúis le hinfhaighteacht leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a shainaithnítear do Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom íocaíocht leis an gcuibhreannas EUROfusion a chur siar go dtí 2024 agus éilimh ar chostais atá níos ísle ná mar a bhí coinne leis. Maidir le Fís Eorpach, tá tionchar fós ag iarmhairtí phaindéim COVID-19 ar thabhairt chun críche ghníomhaíochtaí Fhís 2020: mar gheall ar roinnt leasuithe ar chomhaontuithe deontais cuireadh síneadh ama le fad na dtionscadal taighde, rud atá ina chúis le cur chun feidhme níos moille agus laghdú ar na costais a dhearbhaigh tairbhithe ag an bpointe ama seo.

## I. LAGHDÚ

### I.1

### a) Ceannteideal

**01 02 99 01 - Cláir thaighde roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích**

### b) Figiúirí an 30/03/2023

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 3 147 625 008,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 3 147 625 008,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 588 204 399,24 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **2 559 420 608,76** |
| **6 An laghdú atá molta** | **52 228 847,20** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **2 507 191 761,56** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 1,66 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 54 907 705,36 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 30/03/2023 | 38 282 978,65 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | 30,28 % |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Rinneadh athbhreithniú anuas ar na riachtanais íocaíochta le haghaidh 2023 ar an líne bhuiséid seo ar dhá phríomhchúis:

1. ar thaobh amháin, cuireadh moill ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí a seoladh faoi Fhís 2020 mar gheall ar shraith leasuithe ar chomhaontuithe deontais chun síneadh ama a chur le tionscadail taighde. Leis na síntí sin, modhnaíodh dáta deiridh na dtionscadal lena mbaineann, agus, go pointe áirithe, rinneadh na tréimhsí don tuairisciú eatramhach a mhodhnú freisin. Déanann an mhoill sna tréimhsí tuairiscithe deiridh difear don uair a dhéantar na híocaíochtaí deiridh comhfhreagracha: anois tá na híocaíochtaí sin le dáileadh thar thréimhse 20 mí ón dáta deiridh tuairiscithe, seachas thar thréimhse 9 mí.
2. Ar an taobh eile, bhí an Coimisiún in ann roinnt íocaíochtaí a réamhíoc a bhí beartaithe do 2023 go dtí mí na Nollag 2022.

Dá bhrí sin, is féidir méid iomlán EUR 52,2 milliún a chur ar fáil ag an gcéim seo, go dtí go ndéanfar measúnú níos doimhne ar an mbarrachas a bhfuil coinne leis ag deireadh na bliana 2023.

## I.2

## a) Ceannteideal

**01 03 01 – Taighde agus forbairt ar chomhleá**

## b) Figiúirí an 30/03/2023

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 107 513 531,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 107 513 531,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 1 023 354,43 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **106 490 176,57** |
| **6 An laghdú atá molta** | **14 772 513,80** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **91 717 662,77** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 13,74 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 30/03/2023 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Úsáidtear an líne bhuiséid seo go hiomlán le haghaidh deontas don chuibhreannas EUROfusion, nach mór. Leis an gcuibhreannas sin stiúrtar agus comhtháthaítear taighde ar fud na hEorpa i gclár cuimsitheach taighde agus forbartha chun fuinneamh comhleá a bhaint amach, agus dhá phríomhcholún aige: 1) ullmhú le haghaidh thurgnaimh ITER, agus 2) coincheap a fhorbairt maidir le léiriú todhchaíochtaí gléasra cumhachta comhleá.

Tá coinne leis go gcuirfidh EUROfusion éilimh ar chostais isteach faoi bhun an leibhéil a bhí beartaithe tráth a ullmhaíodh Dréachtbhuiséad 2023. Is é is cúis leis sin den chuid is mó moilleanna maidir le saoráidí taighde áirithe a choimisiúnú agus maidir le fochonraitheoireacht a dhéanamh lena thairbhithe. Mar gheall ar an acmhainneacht ionsúcháin theoranta i gcodanna eile de Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom, is féidir méid EUR 14,8 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur ar fáil.

## I.3

## a) Ceannteideal

**01 03 99 01 – Cláir thaighde Euratom roimhe seo (roimh 2021) a thabhairt i gcrích**

## b) Figiúirí an 30/03/2023

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 52 083 796,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 52 083 796,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 3 309 713,90 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **48 774 082,10** |
| **6 An laghdú atá molta** | **40 998 639,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5-6)** | **7 775 443,10** |
| 8 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 78,72 % |
| 9 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

## c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 30/03/2023 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

## d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

Rinneadh athbhreithniú anuas ar na riachtanais íocaíochta le haghaidh 2023 ar an líne bhuiséid seo, ós rud é go bhfuil íocaíocht deiridh leis an gcuibhreannas EUROfusion, a bhí beartaithe ar dtús in 2023, curtha siar go 2024. Is é is cúis leis sin castacht na hiarrata deiridh ar íocaíocht, agus ní mór 213 thairbhí, 60 Deimhniú ar Ráitis Airgeadais chomh maith le 50 iniúchadh a ionchorprú sna ríomhanna airgeadais.

Mar gheall ar an acmhainneacht ionsúcháin theoranta i gcodanna eile de Chlár Taighde agus Oiliúna Euratom, is féidir méid EUR 41 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur ar fáil.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**13 04 01 – Soghluaisteacht Mhíleata**

### b) Figiúirí an 30/03/2023

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 130 000 000,00 |
| 2 Aistrithe | 0,00 |
| 3 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2) | 130 000 000,00 |
| 4 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 |
| **5 Leithreasuithe atá ar fáil (3-4)** | **130 000 000,00** |
| **6 An méadú a iarradh** | **108 000 000,00** |
| **7 Iomlán na leithreasuithe suas le deireadh na bliana (5+6)** | **238 000 000,00** |
| 8 An méadú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad (6/1) | 83,08 % |
| 9 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe)

| | Íocaíochtaí |
|---|---|
| 1 Leithreasuithe atá ar fáil ag tús na bliana | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe atá ar fáil an 30/03/2023 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

Ní leor na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá ar fáil faoi láthair faoin tsraith ‘Soghluaisteacht Mhíleata’ de chlár Iompair SCE chun riachtanais 2023 a chumhdach.

I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, chuir an Coimisiún dlús le cur chun feidhme Shoghluaisteacht Mhíleata SCE a mhéid is féidir. Rinne sé an méid sin trí sheoladh ghlao 2022 ó mhí Mheán Fómhair go dtí mí na Bealtaine 2022 a chur chun cinn, dlús a chur leis an meastóireacht ar na tograí agus leis na tograí a roghnú, ar tograí iad arna gcur faoina bhráid agus trí chomhaontú a dhéanamh leis na Ballstáit i gCoiste Comhordúcháin Iompair SCE maidir le húsáid a bhaint as an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil leis an gClár Oibre chun buiséad imchlúdach na Soghluaisteachta Míleata a shlógadh chun an tacaíocht i dtráthchodanna bliantúla a uasmhéadú, rud a fhágann gur féidir tionscadail cháilíochta bhreise a mhaoiniú ag méid iomlán níos airde.

Mar fhreagairt ar ghlao 2022, cuireadh 53 thogra incháilithe isteach, is é sin ranníocaíocht iomlán iarrtha ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de thuairim is EUR 1 bhilliún. Tar éis an phróisis meastóireachta, moladh 35 thogra le haghaidh cistiúcháin, agus EUR 616 milliún de mhaoiniú SCE iomlán. Tá sé sin beagnach dhá oiread an ghlao ar EUR 330 milliún a bhí beartaithe ar dtús.

Mar thoradh air sin, tá gá le méid breise EUR 108 milliún i leithreasuithe íocaíochta de bhreis ar an méid atá ar fáil faoi láthair in 2023 chun réamh-mhaoiniú na dtionscadal rathúil a chumhdach.